Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

2025/0726(COD)

24.11.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda
(COM(2025)0726 – C10-0245/2025 – 2025/0726(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Karin Karlsbro

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 15

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 17

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda (COM(2025)0726 – C10-0245/2025 – 2025/0726(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0726),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0245/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. ag treorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Cé go bhfuil an taraif lasmuigh den chuóta socraithe ag 25 % faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, agus leibhéal na dtaraifí san earnáil cruach i bpríomh-mhargaí eile á chur san áireamh, is iomchuí leibhéal na taraife lasmuigh den chuóta a shocrú ag dleacht 50 % chun an riosca a bhaineann le sraonadh trádála a íoslaghdú. Thiocfadh an dualgas sin sa bhreis ar dhleachtanna eile a bhfuil feidhm acu maidir leis na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.	(15) Cé go bhfuil an taraif lasmuigh den chuóta socraithe ag 25 % faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, agus leibhéal na dtaraifí san earnáil cruach i bpríomh-mhargaí eile á chur san áireamh, is iomchuí leibhéal na taraife lasmuigh den chuóta a shocrú ag dleacht 50 % chun an riosca a bhaineann le sraonadh trádála a íoslaghdú ***agus chun méadú ar acmhainneacht táirgthe a cheadú***. Thiocfadh an dualgas sin sa bhreis ar dhleachtanna eile a bhfuil feidhm acu maidir leis na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Ba cheart an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí an Aontais faoi EDT. Tá sé mar aidhm ag an mbeart dul i ngleic le saobhadh trádála de bharr ró-acmhainneachta domhanda agus ba cheart é a thuiscint mar ionstraim chun coinníollacha a athbhunú le haghaidh trádála níos oscailte agus riailbhunaithe amach anseo. Is é cuspóir fadtéarmach an Aontais go n-éascóidh an ionstraim sin tuilleadh léirscaoilte a luaithe a bheidh dálaí an mhargaidh normalaithe.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Chun leanúnachas a áirithiú agus chun cur isteach ar an soláthar a sheachaint, ba cheart go gceadófaí tabhairt anonn méideanna na dtaraifchuótaí ráithiúla nár úsáideadh go dtí an ráithe ina dhiaidh sin. Leis sin, sholáthrófaí an tsolúbthacht oibríochtúil is gá agus choinneofaí éifeachtacht fhoriomlán an bhirt ag an am céanna.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Chun a áirithiú go mbeidh an beart éifeachtach chun dul i ngleic le héifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda, agus i bhfianaise shainiúlachtaí na dtáirgí cruach agus na dteicnící táirgthe agus soláthair nua-aimseartha, tá sé tábhachtach tír ‘an leáite agus an doirte’ a shainaithint. Tagraíonn tír ‘an leáite agus an doirte’ don suíomh bunaidh ina dtáirgtear cruach amh agus amhiarann i bhfoirm leachtach ar dtús laistigh d’fhoirnéis déanta cruach nó déanta iarainn agus a theilgtear ina dhiaidh sin ina staid sholadach phríomhúil. Is féidir leis an bpríomhstaid sholadach sin táirge leathchríochnaithe a chuimsiú, lena n-	(21) Chun a áirithiú go mbeidh an beart éifeachtach chun dul i ngleic le héifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda, agus i bhfianaise shainiúlachtaí na dtáirgí cruach agus na dteicnící táirgthe agus soláthair nua-aimseartha, tá sé tábhachtach tír ‘an leáite agus an doirte’ a shainaithint. Tagraíonn tír ‘an leáite agus an doirte’ don suíomh bunaidh ina dtáirgtear cruach amh agus amhiarann i bhfoirm leachtach ar dtús laistigh d’fhoirnéis déanta cruach nó déanta iarainn agus a theilgtear ina dhiaidh sin ina staid sholadach phríomhúil. Is féidir leis an bpríomhstaid sholadach sin táirge leathchríochnaithe a chuimsiú, lena n-

áirítear leaca, billéid, nó tinní, ach gan a bheith teoranta dóibh, nó táirge muilinn cruach críochnaithe. Trí fhianaise a iarraidh ar thír ‘an leáite agus an doirte’, seachnófar go dtiocfaidh cruach a tháirgtear i dtíortha áirithe a rannchuidíonn le ró-acmhainneacht dhomhanda isteach go míchuí i margadh an Aontais tar éis tuilleadh claochlaithe i dtíortha eile agus méadófar trédhearcacht sa slabhra soláthair intíre le haghaidh allmhairí cruach.	áirítear leaca, billéid, nó tinní, ach gan a bheith teoranta dóibh, nó táirge muilinn cruach críochnaithe. Trí fhianaise a iarraidh ar thír ‘an leáite agus an doirte’, seachnófar go dtiocfaidh cruach a tháirgtear i dtíortha áirithe a rannchuidíonn le ró-acmhainneacht dhomhanda isteach go míchuí i margadh an Aontais tar éis tuilleadh claochlaithe i dtíortha eile agus méadófar trédhearcacht sa slabhra soláthair intíre le haghaidh allmhairí cruach. ***Ba cheart go ndéanfaí an iarraidh sin ar fhianaise ar bhealach a chuireann teorainn leis an ualach riaracháin a mhéid is mó is féidir, agus a éascaíonn comhlíonadh na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna).***
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Níor cheart rochtain ar mhargadh an Aontais a dheonú d’allmhairí táirgí a ndearnadh an cruach ina leith a leá agus a dhoirteadh i gCónaidhm na Rúise nó sa Bhealarúis agus níor cheart go mbeadh na hallmhairí sin i dteideal tairbhe a bhaint as aon taraifchuóta. Dá réir sin, ba cheart toirmeasc uathoibríoch a chur ar na táirgí sin ag teorainneacha seachtracha an Aontais.
	Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(25a) I gcomhréir le gealltanas an Aontais tacú le geilleagar na hÚcráine le linn an chogaidh fhoghaigh leanúnaigh agus le Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ba cheart allmhairí de thionscnamh na hÚcráine a dhíolmhú go hiomlán fad a bheidh staid slándála eisceachtúil agus láithreach ag an tír sin.
	***[1a] Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairí táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, (*IO L , 2025/1153, 5.6.2025, ELI: *http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj*).**

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, laistigh de ***2 bhliain*** ar a dhéanaí ***tar éis ghlacadh*** an Rialacháin seo, ar an ngá atá le raon feidhme na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a choigeartú agus má mheastar gur gá sin, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar thogra reachtach a dhéanamh chun táirgí cruach ***breise*** a chur leis, lena n-áirítear táirgí atá déanta as cruach nó a bhfuil méid suntasach cruach iontu.	(26) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, laistigh de ***bhliain amháin*** ar a dhéanaí ***tar éis dháta theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin seo, ar an ngá atá le raon feidhme na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a choigeartú agus má mheastar gur gá sin, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar thogra reachtach a dhéanamh chun táirgí cruach breise a chur leis ***nó a bhaint***, lena n-áirítear táirgí atá déanta as cruach nó a bhfuil méid suntasach cruach iontu. ***Chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, tá sé***

ríthábhachtach go ndéanfaí meastóireacht chúramach sa mheasúnú i dtaobh an bhfuil na fadhbanna a bhfuil sé mar aidhm ag an Rialachán seo aghaidh a thabhairt orthu á réiteach agus nach ndéantar iad a dhíbirt de thaisme níos faide feadh an tslabhra luacha.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26a) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharraingt suas agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart go mbeadh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil sin, inter alia, faoi úsáid agus éabhlóid cuótaí agus faoi chatagóir agus mhéid na n-allmhairí a thagann faoin dleacht 50 %. Ba cheart go gcuirfí an tuarascáil bhliantúil ar fáil go poiblí.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Roimh an ***1 Iúil 2031***, agus gach ***5*** bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éabhlóid na bpríomhpharaiméadar a thug údar le glacadh an Rialacháin seo, lena n-áirítear éabhlóid agus treochtaí na ró-	(27) Roimh ***dheireadh an dara bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***, agus gach ***2*** bhliain ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éabhlóid na bpríomhpharaiméadar a thug údar le

acmhainneachta domhanda, chomh maith lena éifeachtaí ar an margadh cruach. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar staid na mbeart sriantach trádála maidir le cruach i dtríú tíortha agus ar na himpleachtaí agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu, nó ar dócha go mbeidh acu, i dtéarmaí riosca sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh freisin ar an staid maidir le beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh a bheith ann i dtríú tíortha agus a dtionchar ar mhargadh cruach an Aontais. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar éabhlóid fheidhmíocht eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais agus ar éabhlóid a thionscadail dícharbónaithe,	glacadh an Rialacháin seo, lena n-áirítear éabhlóid agus treochtaí na ró-acmhainneachta domhanda, chomh maith lena héifeachtaí ar an margadh cruach ***agus na slabhraí luacha iartheachtacha***. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar staid na mbeart sriantach trádála maidir le cruach i dtríú tíortha agus ar na himpleachtaí agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu, nó ar dócha go mbeidh acu, i dtéarmaí riosca sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh freisin ar an staid maidir le beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh a bheith ann i dtríú tíortha agus a dtionchar ar mhargadh cruach an Aontais. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar éabhlóid fheidhmíocht eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais***, lena n-áirítear leibhéil praghsanna agus glacadh acmhainneachta,*** agus ar éabhlóid a thionscadail dícharbónaithe,
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le táirgí de thionscnamh na hIorua, na hÍoslainne ***nó*** Lichtinstéin.	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le táirgí de thionscnamh na hIorua, na hÍoslainne***,*** Lichtinstéin***, agus ní bheidh feidhm aige maidir le tír is iarrthóir fad a bheidh staid slándála eisceachtúil agus láithreach ag an tír sin***.
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Ní*** dhéanfar méideanna na dtaraifchuótaí nár úsáideadh in aon ráithe amháin a thabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile.	4. Déanfar méideanna na dtaraifchuótaí nár úsáideadh in aon ráithe amháin a thabhairt anonn go dtí an chéad ráithe eile.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Déanfar bearta faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le rialacha EDT agus ní chuirfidh siad srian ar thrádáil thar a bhfuil fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le ró-acmhainneacht dhomhanda mar thoradh ar dhálaí éagóracha margaidh.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí fianaise iomchuí***, amhail deimhniú muilinn lena*** gcruthófar tír ‘an leáite agus an doirte’ na cruach a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.	2. Tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí fianaise iomchuí ***lena*** gcruthófar tír ‘an leáite agus an doirte’ na cruach a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh na doiciméid seo a leanas, inter alia, ina 'bhfianaise iomchuí' chun críche an Airteagail seo:
	(a) deimhnithe muilinn;
	(b) sonraisc;
	(c) nótaí seachadta;
	(d) deimhnithe cáilíochta;
	(e) dearbhuithe fadtéarmacha ó sholáthraithe;
	(f) cuntasaíocht chostála agus doiciméid táirgthe;
	(g) doiciméid chustaim ón tír is onnmhaireoir;
	(h) comhfhreagras tráchtála;
	(i) tuairiscí ar an táirge; nó
	(j) dearbhuithe arna ndéanamh ag an monaróir má bhaineann siad go díreach leis an gcoinsíneacht atá i gceist.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir le conas an fhianaise iomchuí a sholáthar agus é mar aidhm aige an t-ualach riaracháin a theorannú agus comhlíonadh FBManna a éascú.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Ní dheonófar rochtain ar mhargadh an Aontais d'allmhairí táirgí a ndearnadh an cruach ina leith a leá agus a dhoirteadh i gCónaidhm na Rúise nó sa Bhealarúis agus ní bheidh na hallmhairí sin i dteideal tairbhe a bhaint as aon taraifchuóta. Cuirfear toirmeasc uathoibríoch ar na táirgí sin ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin [***Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 2*** bhliain ***tar éis ghlacadh*** an ***dréacht-***Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le raon táirgí an Rialacháin seo a leasú, agus féadfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Déanfar an measúnú sin ***go tréimhsiúil gach dhá bhliain tar éis an chéad athbhreithnithe***.	1. Faoin ... [bliain ***amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le raon táirgí an Rialacháin seo a leasú, agus féadfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Déanfar an measúnú sin ***go bliantúil***.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Roimh ***an 1 Iúil 2031***, agus gach ***5*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht an Rialacháin seo. Tabharfar aird sa mheastóireacht sin ar mharthanacht na n-imthosca a thug údar le glacadh an Rialacháin seo agus ar staid thionscal déanta cruach an Aontais. Bunaithe ar an meastóireacht sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú nó a aisghairm.	2. Roimh ... ***[2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, agus gach ***2*** bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Tabharfar aird sa mheastóireacht sin ar mharthanacht na n-imthosca a thug údar le glacadh an Rialacháin seo agus ar staid thionscal déanta cruach an Aontais***, lena n-áirítear leibhéil praghsanna agus glacadh acmhainneachta, chomh maith leis na slabhraí luacha iartheachtacha***. Bunaithe ar an meastóireacht sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú nó a aisghairm.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá earnáil chruach atá láidir, iomaíoch agus dícharbónaithe de dhíth ar an Aontas ós rud é go bhfuil an earnáil sin ríthábhachtach d'iomaíochas, do shlándáil eacnamaíoch agus d'uathriail straitéiseach an Aontais. Tá an earnáil cruach ríthábhachtach freisin do spriocanna dícharbónaithe an Aontais, ní hamháin chun a lorg carbóin féin a laghdú ach is ionchur tábhachtach í freisin in earnáil na teicneolaíochta glaise. Thairis sin, tá cruach ríthábhachtach chun bonn tionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú.

Mar an tríú tionscal déanta cruach is mó ar domhan, agus le táirgeadh cruach i níos mó ná 20 Ballstát, fostaíonn táirgeoirí cruach an Aontais 300,000 duine go díreach agus is ionann iad agus 2,5 milliún post go hindíreach. Tá ról tábhachtach aige in go leor geilleagar réigiúnach.

Mar sin féin, níl ach méadú ag teacht ar na dúshláin trádála atá roimh earnáil cruach an Aontais. Táthar ag súil go leanfaidh an ró-acmhainneacht dhomhanda a bhfuil éifeacht shaobhtha aici cheana féin, a chruthaíonn barrachas cruach saor agus brú ard allmhairithe ar mhargadh an Aontais, rud atá níos measa fós de bharr cruach atá á atreorú ó bhearta cosanta ag roinnt de chomhpháirtithe trádála an Aontais, de bheith ag méadú sna blianta amach romhainn. Tá laghdú as cuimse tagtha ar tháirgeadh cruach an Aontais le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil láithreáin ag dúnadh agus go bhfuil an bhearna idir leibhéil táirgthe agus acmhainneachta ag méadú. Ní féidir le hearnáil chruach na hEorpa leanúint de bheith iomaíoch mura gceadaíonn leibhéil bhrabúis laghdaitheacha na hinfheistíochtaí riachtanacha i ndícharbónú.

Ós rud é go bhfuil na bearta cosanta sealadacha a cuireadh i bhfeidhm i mí Iúil 2018 le dul in éag i mí an Mheithimh 2026, tá sé ríthábhachtach sásra láidir agus riailbhunaithe a bhunú chun go bhféadfaidh an earnáil téarnamh, agus go mbeidh bonn comhdhlúite aici le haghaidh saorthrádála níos fairsinge ag an am céanna. Léiríonn an staid dhomhanda maidir le cruach i gcoitinne agus staid earnáil cruach na hEorpa go háirithe go bhfuil gá le beart láidir, éifeachtach agus spriocdhírithe. Sa chomhthéacs seo, is díol sásaimh **don rapóirtéir** an dréacht-thogra reachtach**,** a fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta Cruach agus Miotail (SMAP) mhí an Mhárta 2025. Aontaíonn **an rapóirtéir** go hiomlán leis an measúnú a rinne an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais i mí Mheán Fómhair 2025 maidir leis an ngá straitéiseach atá ann tionscail an Aontais a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála agus cothroime iomaíochta a chaomhnú ar fud an domhain.
Maidir le hábhar an togra, is díol sásaimh don **rapóirtéir** gur céim sa treo ceart é ón mbeart cosanta atá ann cheana féin. Ba cheart go leanfadh an Margadh Aonair de bheith oscailte do thrádáil riailbhunaithe agus, dá bhrí sin, tacaíonn an rapóirtéir go láidir go leanfaí de chur chuige atá bunaithe ar an margadh a cheadú a bhuí le cuótaí saor ó tharaifí agus go ndéanfaí an ró-acmhainneacht agus an trádáil atreoraithe a eascraíonn as a láimhseáil le leibhéal dleachta soiléir thar na cuótaí. Chun an cuóta saor ó tharaifí a ríomh, is é tuairim an **rapóirtéara** gur tagarmharc cothrom agus atá comhsheasmhach le EDT é 2013 a úsáid mar an bhliain tagartha – sular chuir an ró-acmhainneacht isteach go mór ar an Eoraip. Chun solúbthacht a cheadú sa chóras, ba cheart go ndéanfaí tabhairt anonn cuótaí ráithiúla nár úsáideadh a chumasú. Leagann an rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá ceanglas 'an leáite agus an doirte' a fheabhsóidh inrianaitheacht táirgí, a áiritheoidh fíorthionscnamh ionchur cruach, agus a laghdóidh an riosca go rachfaí timpeall ar an gceanglas trí thrasloingsiú nó próiseáil íosta.

Ní mór an beart cruach atá beartaithe a mheasúnú go rialta agus ligean dó coigeartú a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go gcuireann sé go héifeachtach le táirgeadh méadaithe i gcuideachtaí atá thar a bheith iomaíoch agus go mbeadh sé fite fuaite le hiarrachtaí chun margaí onnmhairithe a imfhálú agus le comhoibriú chun ró-acmhainneacht dhomhanda a chomhrac i gcomhar le comhpháirtithe trádála atá ar aon intinn leo. Ní féidir leis a bheith ina uirlis chun tionscal neamhiomaíoch a choinneáil beo agus an fhadhb a bhrú níos faide síos an slabhra luacha ag an am céanna. Pointe tábhachtach eile is ea go n-áirithíonn táirgeadh iomaíoch cruach nach bhforbraíonn an tAontas spleáchas neamhshláintiúil. Tacaíonn an rapóirtéir le measúnuithe rialta ar raon feidhme an bhirt seo agus creideann sé gur féidir iad a dhéanamh níos minice. Tá tuairisciú bliantúil i gcomhréir leis an gcineál seo ionstraim trádála agus tugann sé deis do na comhreachtóirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-athraíonn cur chun feidhme na ngnéithe éagsúla den ionstraim.

I ré ina bhfuil an córas trádála iltaobhach faoi bhrú leanúnach, is díol sásaimh **don rapóirtéir** go háirithe gur dearadh an rialachán atá beartaithe chun go leanfaidh sé de bheith i gcomhréir go hiomlán le hoibleagáidí EDT. Leanfaidh **an rapóirtéir** go géar na caibidlíochtaí a dhéanfar le comhpháirtithe trádála lena mbaineann, go háirithe iad siúd a bhfuil Comhaontuithe Saorthrádála tugtha i gcrích ag an Aontas leo – nó atá i mbun iad a thabhairt i gcrích – chun soiléireacht dhlíthiúil, intuarthacht agus sláine leanúnach ollstruchtúr cosanta trádála an Aontais a áirithiú.

Creideann an **rapóirtéir** freisin gur cheart aird chuí a thabhairt ar staid shonrach na hÚcráine, tír is iarrthóir ar an Aontas. Dá réir sin, i gcomhréir le gealltanas an Aontais chun tacú le geilleagar na hÚcráine le linn an chogaidh fhoghaigh leanúnaigh agus i gcomhréir leis an gcomhaontú polaitiúil maidir le Rialachán 2025/1153 (COD), ba cheart a dhearbhú nach bhfuil feidhm ag Airteagal 1. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don rialachán aghaidh a thabhairt ar aon bhealaí éalaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a d'fhéadfadh allmhairiú díreach nó indíreach earraí de thionscnamh na Rúise a cheadú, rud a mhaoineodh tuilleadh gníomhaíochtaí naimhdeacha leanúnacha na Rúise agus a bhainfeadh an bonn de shíocháin agus de chobhsaíocht na hEorpa.

I bhfianaise na hoibre nach mór do na comhreachtóirí a thabhairt i gcrích, mar gheall ar mhéid na ndúshlán atá roimh an earnáil cruach agus an gá práinneach atá ann slándáil dhlíthiúil agus eacnamaíoch a ráthú, creideann an **rapóirtéir** gur cheart don phróiseas daonlathach dul ar aghaidh gan mhoill ionas gur féidir leis an rialachán teacht i bhfeidhm in am.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
Thyssenkrupp
Eurofer
Jernkontoret
European Steel Processors Association
Metal Packaging Europe External Affairs ASBL
Orgalim – Europe's Technology Industries
Kommerskollegium - National Board of Trade Sweden
Permanent representation of Sweden to the EU
Permanent representation of Finland to the EU
Mission of Switzerland to the EU

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.